Aibreán 2016/QP.10-V3 © QQI

# BEARTAS QQI.

## An Beartas um Threoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1. ACHOIMRE ..... 3

2 BUNEOLAS AGUS RÉASÚNAÍOCHT ..... 3

3 AN COMHTHÉACS DLÍ AGUS EAGRAÍOCHTÚIL ..... 4

4. BEARTAS ..... 4

- **4.1** Dearbhú Cáilíochta san Oideachas agus san Oiliúint ..... 4
- **4.2** Prionsabail maidir le Treoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta ..... 5
- **4.3** Cuir Chuige i Leith na Forbartha ..... 6
- **4.4** Prionsabail chun Cuidiú le Soláthraithe Gnásanna Inmheánacha DC a Chur i dToll a Chéile ..... 7
- **4.5** Ábhar ..... 10
- **4.6** Forbairt Leanúnach ..... 10

5. ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO ..... 11

# 1 ACHOIMRE

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI lena n-áirítear treoirlínte a eisiúint maidir le gnásanna dearbhaithe cáilíochtaí soláthraithe a bhunú.

Leagtar amach sa doiciméad seo cur chuige beartais QQI i leith treoirlínte DC den sórt sin a chur i dtoll a chéile agus a eisiúint. Féachfar don bheartas seo i ngach treoirlínte DC a eiseoidh QQI.

Foilsíodh an beartas seo an chéad lá riamh i mí na Nollag 2014 agus athbhreithníodh é in 2016 tar éis comhairliúcháin.

Trí phróiseas comhairliúcháin, a mbíonn gach páirtí leasmhar páirteach ann, a dhéantar beartas QQI a fhorbairt. Gheofar sonraí an phróisis forbartha beartais ar www.QQI.ie. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

# 2 BUNEOLAS AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Leagtar amach sa bheartas seo an cur chuige maidir le treoirlínte reachtúla DC arna n-eisiúint ag QQI a chur i dtoll a chéile agus a eagrú faoi alt 27(1) d'Acht 2012.

Tógann cur chuige QQI ar a thaithí ar threoirlínte DC san am a chuaigh thart agus ar chur i bhfeidhm Acht 2012.

Is é aidhm an bheartais seo réasúnaíocht agus ailtireacht a sholáthar do na treoirlínte DC go léir a eisíonn QQI. Go hachomair, mínítear ann:

- Cad iad na treoirlínte DC agus conas ba cheart iad a úsáid
- Na prionsabail uileghabhálacha a bhainfidh le gach treoir DC
- An réasúnaíocht le sraith treoirlínte a chur i dtoll a chéile le haghaidh earnálacha agus topaicí éagsúla

Tá na prionsabail atá mar bhonn agus taca le beartas QQI maidir le dearbhú cáilíochta sonraithe go soiléir agus leabaithe sa bheartas seo.

# 3 AN COMHTHÉACS DLÍ AGUS EAGRAÍOCHTÚIL

Ceanglaítear le hAcht 2012 (Alt 27[1]) go n-eiseoidh QQI treoirlínte do sholáthraithe chun gnásanna maidir le dearbhú cáilíochta soláthraithe a bhunú do chláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara.

Éilítear in Acht 2012, leis, go rachaidh QQI i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas agus soláthraithe maidir leis na treoirlínte sula n-eisítear iad.

Is é an cur chuige a ghlac QQI go bhfuil treoirlínte bunúsacha, coiteanna, lárnacha ann a bhaineann le gach soláthraí; mar sin féin, beidh sé riachtanach, leis, raon treoirlínte forlíontacha a eisiúint maidir le cineálacha éagsúla soláthraithe agus topaicí éagsúla. Leagtar síos an cur chuige seo le hAcht 2012 (Alt 27[6Ia]). Nuair a dhéantar treoirlínte DC a chur i dtoll a chéile, foilsítear iad ar www.QQI.ie agus cuirfear soláthraithe ar an eolas fúthu agus faoi aon impleachtaí a eascraíonn astu.

# 4 BEARTAS

## 4.1 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SAN OIDEACHAS AGUS SAN OILIÚINT

I gcomhthéacs an oideachais agus na hoiliúna, baineann dearbhú cáilíochta le nithe ar nós:

- cibé an bhfuil na seirbhísí oideachais, oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn soláthraí oiriúnach dá gcuspóir gairmithe
- iontaofacht na gcáilíochtaí a bhronntar nó a aithnítear
- glanchuidiú an tsoláthair oideachais agus oiliúna leis an leas coiteann
- cuntasacht, oscailteacht agus trédhearcacht
- caighdeáin na ndámhachtainí

Úsáidtear an téarma "dearbhú cáilíochta" chun cur síos a dhéanamh ar na próisis trína bhféachtar lena chinntiú go sroicheann an timpeallacht foghlama (lena n-áirítear teagasc agus taighde) tairseach inghlactha cáilíochta. Úsáidtear DC, leis, chun cur síos a dhéanamh ar fheabhsú an tsoláthair oideachais agus ar na caighdeáin a bhaineann foghlaimeoirí amach. Sainmhíníonn UNESCO dearbhú cáilíochta (DC) mar "...próiseas leanúnach chun an cháilíocht i ... [gcóras], institiúid nó clár oideachais a mheas (measúnú, monatóireacht, ráthú, cothabháil agus feabhsú)."

I ngach cás, is é an soláthraí atá freagrach as dearbhú cáilíochta.

Tá ról seachtrach dearbhaithe cáilíochta ag QQI maidir lena chinntiú agus a chur in iúl don phobal go bhfuil gnásanna cuí um dhearbhú cáilíochta ag soláthraithe agus go bhfuil siad seo curtha i bhfeidhm agus éifeachtach. Baintear é seo amach trí:

1. Threoirlínte a eisiúint chun gnásanna um dhearbhú cáilíochta soláthraithe a bhunú (tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara sa chóras oideachais agus oiliúna agus cáilíochtaí)
2. Athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar éifeachtacht na ngnásanna sin

Tá freagracht ar QQI, leis, mar ghníomhaireacht idirnáisiúnta, a chinntiú go gcuirtear beartais Eorpacha agus cleachtas éifeachtach idirnáisiúnta i bhfeidhm go náisiúnta, de réir mar is cuí do chomhthéacs na hÉireann.

## 4.2 PRIONSABAIL MAIDIR LE TREOIRLÍNTE DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

Ceanglaíonn Acht 2012 ar sholáthraithe "féachaint do" threoirlínte DC de chuid QQI (Alt 28 [2]) agus a ngnásanna DC á gcur i dtoll a chéile acu. Ní féidir le soláthraithe treoirlínte DC a ghlacadh mar ghnásanna DC, ach ní mór do sholáthraithe iad a úsáid mar bhonn lena ngnásanna inmheánacha DC féin.

FéachfaidhQQI do na treoirlínte agus na nithe seo a leanas á gcinneadh acu:

- prótacail (meicníochtaí forordaithe chun critéir a chomhlíonadh[1]);
- critéir (nithe nach mór do sholáthraithe a thaispeáint chun rochtain a fháil ar sheirbhísí[2]);
- caighdeáin (tairseacha do cháilíocht oideachais nach mór a chomhlíonadh); agus
- doiciméid bhreise agus tacaíochta mar threoir do sholáthraithe agus chun míniú breise a thabhairt.

Is é is cuspóir do threoirlínte DC soláthraithe a threorú trína gcuid freagrachtaí maidir le cáilíocht oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara. Cuirtear i dtoll a chéile iad i gcomhar leis na hearnálacha oideachais agus oiliúna.

Déanfar treoirlínte DC a eisiúint agus a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin QQI www.QQI.ie. i gcás treoirlínte DC de chuid QQI:

A. Is comhpháirt ríthábhachtach iad d'éagsúlacht feidhmeanna, seirbhísí agus beartais QQI lena n-áirítear:
   - Bailíochtú clár (agus athbhailíochtú)
   - Athbhreithniú ar sholáthraithe
   - Deimhniú foghlaimeoirí
   - Úsáid an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta a údarú
   - Dámhachtainí laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a aithint
   - Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)
   - Rochtain, aistriú agus dul chun cinn
   - Tarmligean an údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh

B. Ionchais maidir le cáilíocht an tsoláthair, an mheasúnaithe agus an taithí teagaisc agus foghlama i bpobal oideachais agus oiliúna na hÉireann a chur in iúl;

1. Mar shampla: Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe: Prótacail chun Cuid 6 d'Acht 2012 a Chur Chun Feidhme
2. Mar shampla: Beartas agus Critéir QQI maidir le Rochtain Soláthraí ar Bhailíochtú Tosaigh do Chláir as a leanann Dámhachtainí QQI.

C. Comhleanúnachas níos fearr a thabhairt isteach i gcodanna éagsúla den chóras oideachais agus oiliúna agus eatarthu

D. Is pointe tosaigh é do sholáthraithe a ngnásanna DC féin a bhunú. Is 'sprioc-chlár' iad le haghaidh feabhsúcháin agus feabhuaithe do gach soláthraí, ní seicliosta comhlíontachta é!

E. Déanfar iad a oiriúnú agus a athrú go leanúnach chun go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm do riachtanais an phobail oideachais agus oiliúna agus an chórais cáilíochtaí

F. Is féidir a bheith ag súil go mbeidh cuspóirí éagsúla agus tionchair éagsúla acu ar gach earnáil agus maidir le gach topaic a ndíríonn siad orthu. Braithfidh tionchar na dtreoirlínte ar sholáthraí ar raon feidhme a soláthair agus ar an earnáil ina bhfeidhmíonn sé.

## 4.3 CUIR CHUIGE I LEITH NA FORBARTHA

Déanfar treoirlínte DC de chuid QQI a chur id toll a chéile trí thógáil ar na treoirlínte DC atá ann cheana.[3] Féadfaidh QQI cleachtas éifeachtach a chinneadh (agus a scaipeadh nó a chur chun cinn) trí ghlacadh le treoirlínte arna n-eisiúint ag forais eile.

Tá comhoibriú agus comhairliúchán leis an bpobal oideachais agus oiliúna agus le geallsealbhóirí sa chóras cáilíochtaí ríthábhachtach don phróiseas faoin gcuirtear treoirlínte DC i dtoll a chéile.

Mar chuid den phróiseas comhoibríoch seo déanfaidh QQI:

- Treoirlínte DC a chur i dtoll a chéile a bheidh ag teacht le beartas na hEorpa agus na hÉireann ar oideachas agus oiliúint, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara
- Díriú ar aon bhearnaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn as cur i bhfeidhm na straitéisí náisiúnta um breisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint.[4] Mar shampla:
    - Braislí agus comhaontais straitéiseacha san ardoideachas
    - Nuálaíocht i soláthar a dteastaíonn cineálacha éagsúla treoirlínte DC maidir leo
    - Athbhreithnithe ó QQI ar na treoirlínte reatha agus a gcur i bhfeidhm
- Treoirlínte a ghlacadh dá chuspóirí féin agus don phobal oideachais agus oiliúna de réir mar is gá.

Go hachomair, is cur chuige comhoibríoch agus forásach seachas cur chuige réabhlóideach é cur chuige QQI i leith treoirlínte DC a chur i dtoll a chéile.

### 4.3.1 CUR CHUIGE MODÚLACH

Féadfar treoirlínte DC a eisiúint mar threoirlínte ar leithligh chun díriú ar earnálacha ar leith agus féadfar díriú iontu, leis, ar thopaicí sonracha, mar shampla:

3. Meastar go bhfuil na treoirlínte a shábháiltear faoi Alt 84 d'Acht 2012 "ann" chun na críche seo.
4. An "Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030" agus an "Straitéis Bhreisoideachais 2014 – 2019"

- Treoirlínte do chineálacha éagsúla soláthair sholúbtha, mar shampla soláthar ar líne
- Treoirlínte do sholáthraithe deonacha ardoideachais, breisoideachais agus mhúineadh an Bhéarla agus oiliúna a lorgaíonn rochtain ar bhailíochtú tosaigh

Eiseoidh QQI treoirlínte coiteanna a bhaineann le gach earnáil oideachais agus oiliúna nuair is cuí.

## 4.4 PRIONSABAIL CHUN CUIDIÚ LE SOLÁTHRAITHE GNÁSANNA INMHEÁNACHA DC A CHUR I DTOLL A CHÉILE

Tá dearbhú cáilíochta i gcomhthéacs oideachais agus oiliúna bunaithe ar phrionsabail uileghabhálacha agus ar chleachtas éifeachtach a aithnítear go hidirnáisiúnta[5]. Beidh na prionsabail seo a leanas mar bhonn le treoirlínte DC QQI agus tá siad ceaptha chun soláthraithe a chur ar an eolas agus a ngnásanna DC féin a mbunú acu, a bhforbairt tuilleadh, á n-athnuachan agus/nó á n-athbhreithniú. Ba cheart go mbeadh siad mar bhonn, leis, le cur chuige soláthraithe i leith dearbhú cáilíochta in oideachas agus oiliúint, i dtaighde agus i seirbhísí gaolmhara.

### 1. AN PRIONSABAL UM DC FAOI ÚINÉIREACHT SOLÁTHRAÍ

> Is ar na soláthraithe oideachais agus oiliúna atá an phríomhfhreagracht maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta.

An soláthraí atá freagrach as cáilíocht na seirbhísí oideachais agus seirbhísí gaolmhara a chuirtear ar fáil. An soláthraí atá freagrach freisin as cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a chuirtear ar fáil a chinntiú. Is gá pleanáil, acmhainní agus tiomantas chun dearbhú cáilíochta a chur i gcrích.

Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann bainistíocht agus foireann an tsoláthraí an córas DC agus go mbeadh úinéireacht acu ar an gcóras DC chun go dtacófar le fíorchultúr cáilíochta.

Ba cheart eagar an chórais DC a bhunú ar phrionsabal na coimhdeachta. Is ar an bhforas rialaithe (nó a choibhéis) a bhíonn an fhreagracht deiridh de ghnáth, ach ba cheart go mbeadh baint ag foireann uile an tsoláthraí le dearbhú cáilíochta. Ba cheart freagrachtaí sonracha a shannadh bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta.

### 2. PRIONSABAIL CHOMHTHÉACS AN DC

> Braitheann córais cháilíochta ar a gcomhthéacs i.e. beidh tionchar ag scála agus raon feidhme sholáthar an tsoláthraí ar an gcaoi a bhfeidhmítear an córas dearbhaithe cáilíochta. Ba cheart go mbeadh soláthraithe in ann a gcáilíocht a léiriú go poiblí.

5. D'fhéadfadh go mbeadh na "Prionsabail Chomhchoiteanna um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas agus sa Ghairmoideachas agus san Oiliúint i gcomhthéacs an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí" úsáideach mar phointe tagartha.

## 3. PRIONSABAL AN CHULTÚIR DC

Toradh ar thiomantas bhaill foirne aonair agus na heagraíochta d'fheabhsú leanúnach é cultúr cáilíochta. I gcultúr dá leithéid, ní fhéachtar ar ghnásanna DC mar ualach maorlathach, ach mar uirlisí chun feabhsú agus feabhsú a thiomáint.

Bíonn córas cáilíochta comhleanúnach, comhtháite agus leabaithe mar thaca ag cultúr cáilíochta, a bhíonn:

- Nasctha go dlúth le straitéisí institiúideacha
- Talmhaithe i bpróisis agus i struchtúir éifeachtacha inmheánacha cinnteoireachta
- Íogair don chomhthéacs agus a gcuirtear san áireamh iontu cultúir dhifriúla eagraíochtúla agus araíonachta
- Forásach, seachas pionósach. Léiríonn sé na nithe seo a leanas i gcás an tsoláthraí:
    - Uathrialachas agus féinmhuinín
    - tiomantas don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí

## 4. PRIONSABAL NA DTORTHAÍ FOGHLAMA

Tá oideachas agus oiliúint ann go príomha chun daoine a chumasú chun foghlama agus, dá réir sin, ba chóir cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mheas ar mhaithe le torthaí foghlama a bhaint amach.

Tuigtear an fhoghlaim anseo sa chiall is leithne agus i gcomhthéacs Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

## 5. PRIONSABAL AN FHORFHEIDHMITHE

Tá gnásanna dearbhaithe cáilíochta ceadaithe agus na gnásanna sin nach mór go bhféachfaidís do threoirlínte QQI curtha i bhfeidhm go hiomlán ag soláthraithe agus déanann soláthraithe monatóireacht orthu maidir le héifeachtacht.

## 6. PRIONSABAL NA SEACHTRACHTA

> Baineann córas dearbhaithe cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí úsáid chuí as daoine seachtracha atá neamhspleách ar an soláthraí agus atá cáilithe go cuí chun comparáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha a dhéanamh.

Ní mór do sholáthraithe a bheith an-chúramach agus iad ag roghnú daoine seachtracha nó comhpháirtithe i soláthar lena chinntiú go mbaineann siad leas iomlán as sainchomhairle oibiachtúil.

Is samplaí iad scrúdú seachtrach agus fíordheimhniú seachtrach d'fheidhmiú an phrionsabail seo. Gné eile is ea úsáid a bhaint as painéil sheachtracha neamhspleácha in oiliúint um bailíochtú clár agus athbhailíochtú clár (múinte agus taighde) agus i bpróisis eile.

## 7. AN PRIONSABAL UM FHEABHSÚ LEANÚNACH

> Caithfidh feabhas leanúnach a bheith mar sprioc ag próiseas dearbhaithe cáilíochta. Ní mór cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna acadúla agus na gclár eile a fhorbairt agus a fheabhsú do mhic léinn agus do thairbhithe eile an ardoideachais agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna.

## 8. PRIONSABAL NA TRÉDHEARCACHTA

Ba cheart go gcuirfeadh córais dearbhaithe cáilíochta leis an trédhearcacht. Ba cheart próisis a fhorbairt trína bhféadfaidh soláthraithe oideachais agus oiliúna a gcuntasacht a léiriú, lena n-áirítear cuntasacht as airgead poiblí agus príobháideach a infheistiú.

## 9. PRIONSABAL MHUININ AN PHOBAIL

> Tacaíonn an córas dearbhaithe cáilíochta le muinín an phobail (nuair a bhíonn an muinín sin tuillte) sa soláthraí agus lena chumas cláir a sholáthar de réir caighdeáin chomhaontaithe. Teastaíonn iarracht shuntasach agus acmhainní suntasacha ón soláthraí chun cáilíocht an tsoláthair agus na seirbhísí gaolmhara a chinntiú. Ba cheart do sholáthraithe a gcóras cáilíochta inmheánach a chur chun cinn go gníomhach agus é a fhorbairt go réamhghníomhach mar acmhainn inláimhsithe agus mar chuid shoiléir den bhonneagar oideachais agus oiliúna. Is é muinín an phobail príomhchuspóir an chórais DC atá faoi úinéireacht an tsoláthraí. Ba cheart aschuir uile an chórais um dhearbhú cáilíochta inmheánach

## 4.5 ÁBHAR

I dteannta saintreoracha Acht 2012 agus treoracha AE, díreofar i sraith iomlán na dtreoirlínte DC ar na réimsí seo a leanas (ní liosta uileghabhálach é seo):

A. Cláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara a thairgeann soláthraithe. Áirítear leis seo:
   - Dearadh clár
   - An timpeallacht foghlama (lena n-áirítear teagasc agus taighde)

B. Caidreamh le páirtithe eile. Áirítear leis seo:
   - Soláthar trasnáisiúnta agus comhoibríoch
   - Soláthraithe nasctha.

### 4.5.a TIONCHAR IDIRNÁISIÚNTA AGUS EORPACH

Léireoidh treoirlínte DC de chuid QQI tiomantas agus rannchuidiú na hÉireann le cleachtas éifeachtach idirnáisiúnta, do threoracha agus do bheartas AE. Go háirithe, áirítear orthu seo:

- "Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (2015)"
- "An Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint"

### 4.5.b FORORDÚ AGUS UAILLMHIAN

I gcás ina dteastaíonn treoirlínte níos mionsonraithe agus/nó níos sainiúla don ghníomhaíocht nó don earnáil a ndírítear air trí threoirlínte DC, féadfar foráil a dhéanamh dó sin. I gcás nach bhfuil an réimse a ndírítear air sa treoirlíne chomh haibí sin nó gur riosca níos mó é d'fhoghlaimeoirí nó don chóras oideachais agus oiliúna i gcoitinne, féadfaidh na treoirlínte a bheith níos saintreoracha. Ní chiallaíonn sé sin treoirlínte ina ndírítear ar chomhlíonadh, ach go bhfeictear go bhfuil gá le treoir níos sainiúla i réimsí áirithe.

## 4.6 FORBAIRT LEANÚNACH

Ní dhéanfaidh QQI treoirlínte a eisiúint agus glacadh leis, ansin, go bhfuil deireidh leis an bpróiseas (d'ainneoin go mbíonn treoirlínte arna n-eisiúint i bhfeidhm go hiomlán go dtí go n-eisítear treoirlínte eile ina n-áit). Déanfar treoirlínte a athfhorbairt agus a nuashonrú go leanúnach chun coinneáil suas le hathruithe ar an tírdhreach oideachais agus oiliúna. Athrófar na treoirlínte de réir mar a thagann athrú ar bheartas poiblí, de réir mar a bhíonn soláthraithe ag nuáil agus de réir mar a athraíonn tosaíochtaí QQI.

Cuid de ról QQI mar ghníomhaireacht sheachtrach DC sa chiall seo is ea measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na dtreoirlínte agus a bhforbairt leanúnach a eagrú i gcomhar agus i gcomhairle leis na hearnálacha.

# 5 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo agus ar phrionsabail agus ar chur chuige QQI maidir le treoirlínte DC a chur i dtoll a chéile dhá bhliain tar éis fhoilsiú an bheartais seo, nó níos luaithe más gá